
# An Úcráin

**Ceist 1** Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin mbaol cogaidh atá ann in oirthear na hEorpa. Sula bhféachfaidh tú ar an tuairisc, pléigh brí na bhfocal agus na bhfrásaí seo leis an duine in aice leat.

- *faoi réir, ullamh*
- *ionradh*
- *ar aon fhocal*
- *smachtbhannaí*
- *nasc físe*
- *curtha ar an airdeall*
- *iarrachtaí taidhleoireachta*
- *ar na bacáin*
- *meáite*
- *comhghuaillithe*
- *cabhlach*




Féach ar an mír anois. Ar chuala sibh an stór focal thuas inti?

**Ceist 2** Féach ar an mír den dara huair. Ceangail na focail ar chlé leis an eolas ceart ar dheis. Tá an chéad cheann déanta duit.

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | 8, 5000 | a. | Dúirt sé go bhfuil ceannairí an Iarthair aontaithe faoi cad atá le déanamh. |
| 2. | Cruinniú ar nasc físe | b. | Ní dóigh leis go n-ionsóidh an Rúis an Úcráin. |
| 3. | Uachtarán na Stát Aontaithe | c. | D'iarr sí ar a comhghuaillithe an fód a sheasamh in éadan na Rúise. |
| 4. | Thomas Byrne | d. | Ceannairí an Iarthair ag plé na géarchéime. |
| 5. | Déaglán de Bréadún | e. | Ag traenáil chun cuidiú le hArm na hÚcráine más gá. |
| 6. | An Ríocht Aontaithe | f. | Chun léirsiú síochánta dhéanamh in uiscí na hÉireann. |
| 7. | Iascairí an iardheiscirt | g. | Saighdiúirí na Stát Aontaithe réidh chun troda. |
| 8. | Sibhialtaigh na hÚcráine | h. | I mbun cainteanna taidhleoireachta chun an Rúis a stopadh. |

**Ceist 3** Féach ar an tuairisc arís agus bain úsáid as na focail thuas (faoi Cheist 1) chun cur síos gearr a dhéanamh don duine in aice leat faoi ábhar na míre.

**Ceist 4** '*…**tá** a lán iarrachtaí ar siúl…*'

Cad é an difríocht idir: ***tá sé*** agus ***bíonn sé***? Pléigh an cheist leis an duine in aice leat.

Anois, roghnaígí an fhoirm cheart den bhriathar chun na bearnaí a líonadh.

1. Is minic a ___________ an trácht go huafásach ar maidin.
2. ___________ ar a laghad slisín amháin aráin agam gach lá.
3. ___________ sé an-fhuar inniu.
4. ___________ an aimsir go deas i rith an tsamhraidh de ghnáth.
5. ___________ muintir na Spáinne an-chairdiúil ar fad.
6. ___________ an chathair plódaithe nuair a ___________ an fhéile ar siúl.
7. ___________ a lán Éireannach ina gcónaí i Nua-Eabhrac.
8. Thug mé cuairt ar Sheán agus ___________ sé i bhfad níos fearr anois.

Cumaigí ceisteanna anois a bhfuil ***tá/níl*** agus ***bíonn/ní bhíonn*** mar fhreagra orthu. Cuirigí na ceisteanna ar a chéile.

**Ceist 5** An t-urú

Tá sé urú in easnamh sa sliocht thíos. Cuir isteach anois iad.

**Eimear Ní Chonaola**
Bhur céad fáilte ar ais chuig Nuacht TG4. Tá Stáit Aontaithe Mheiriceá faoi réir le 8,500 saighdiúir a chur go hoirthear na hEorpa le tacú le NATO más gá, mar gheall ar an imní mhór atá ann go bhfuil an Rúis ag beartú ionradh a dhéanamh ar an Úcráin. Tá tíortha an Iarthair ar aon fhocal go cuirfear smachtbhannaí ar an Rúis ar scála nach facthas riamh cheana, má dhéanann siad ionsaí ar an Úcráin. Tá an Taoiseach, Micheál Martin, ag moladh do dhaoine gan taisteal chun na hÚcráine, mura bhfuil géarghá leis.

**Eibhlín Ní Choistealbha**
Cleachtadh míleata ag leanúint ar aghaidh i tuaisceart na Rúise agus teannas leis an Úcráin ag méadú lá i diaidh lae. Bhí cruinniú ar nasc físe ag ceannairí an Iarthair chun an ghéarchéim a phlé agus táid ar aon fhocal go gearrfar smachtbhannaí tromchúiseacha ar an Rúis má dhéanann siad ionradh ar an Úcráin. Tá sé séanta ag an Rúis go bhfuil aon phlean acu a leithéid a dhéanamh. Dúirt Uachtarán Mheiriceá go bhfuil aontacht iomlán i measc chumhachtaí an Iarthair maidir le conas stop a chur leis an Rúis.

**Ceist 6** Pléigh na ceisteanna seo le do ghrúpa:

1. Cad atá ar eolas agat faoin Úcráin agus faoin Rúis?
2. Cad atá ar eolas agat faoin gcaidreamh idir an dá thír?
3. Conas a chuirfeadh cogadh idir an Úcráin agus an Rúis isteach ar do shaol féin, dar leat?

**Treoracha agus Freagraí**
**Ceist 1**

| | |
|---|---|
| 1. *faoi réir, ullamh* | ready |
| 2. *ionradh* | incursion, invasion |
| 3. *ar aon fhocal* | unanimous |
| 4. *smachtbhannaí* | sanctions |
| 5. *nasc físe* | video link |
| 6. *curtha ar an airdeall* | alerted, warned |
| 7. *iarrachtaí taidhleoireachta* | diplomatic attempts |
| 8. *ar na bacáin* | on the horizon |
| 9. *meáite* | measured, deliberate |
| 10. *comhghuaillithe* | allies |
| 11. *cabhlach* | fleet |

**Ceist 2**

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| g | d | a | h | b | c | f | e |

**Ceist 3**
Féach an script.

**Ceist 4**
*Tá sé* – an aimsir láithreach; *bíonn sé* – an aimsir ghnáthláithreach.

1. Is minic a **bhíonn** an trácht go huafásach ar maidin.
2. **Bíonn** ar a laghad slisín amháin aráin agam gach lá.
3. **Tá** sé an-fhuar inniu.
4. **Bíonn** an aimsir go deas i rith an tsamhraidh de ghnáth.
5. **Tá** muintir na Spáinne an-chairdiúil ar fad.
6. **Bíonn** an chathair plódaithe nuair a **bhíonn** an fhéile ar siúl.
7. **Tá** a lán Éireannach ina gcónaí i Nua-Eabhrac.
8. Thug mé cuairt ar Sheán agus **tá** sé i bhfad níos fearr anois.

**Ceist 5**
Bhur **g**céad fáilte ar ais chuig Nuacht TG4. Tá Stáit Aontaithe Mheiriceá faoi réir le 8,500 saighdiúir a chur go hoirthear na hEorpa le tacú le NATO más gá, mar gheall ar an imní mhór atá ann go bhfuil an Rúis ag beartú ionradh a dhéanamh ar an Úcráin. Tá tíortha an Iarthair ar aon fhocal go **g**cuirfear smachtbhannaí ar an Rúis ar scála nach **bh**facthas riamh cheana, má dhéanann siad ionsaí ar an Úcráin. Tá an Taoiseach, Micheál Martin, ag moladh do dhaoine gan taisteal chun na hÚcráine, mura bhfuil géarghá leis.

**Eibhlín Ní Choistealbha**
Cleachtadh míleata ag leanúint ar aghaidh i **d**tuaisceart na Rúise agus teannas leis an Úcráin ag méadú lá i **n**diaidh lae. Bhí cruinniú ar nasc físe ag ceannairí an Iarthair chun an ghéarchéim a phlé agus táid ar aon fhocal go **n**gearrfar smachtbhannaí tromchúiseacha ar an Rúis má dhéanann siad ionradh ar an Úcráin. Tá sé séanta ag an Rúis go bhfuil aon phlean acu a leithéid a dhéanamh. Dúirt Uachtarán Mheiriceá go bhfuil aontacht iomlán i measc chumhachtaí an Iarthair maidir le conas stop a chur leis an Rúis.

**Ceist 6**
Is féidir na foghlaimeoirí a chur ag plé na gceisteanna seo i mbeirteanna nó i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

**Eimear Ní Chonaola**
Bhur gcéad fáilte ar ais chuig Nuacht TG4. Tá Stáit Aontaithe Mheiriceá faoi réir le 8,500 saighdiúir a chur go hoirthear na hEorpa le tacú le NATO[1] más gá, mar gheall ar an imní mhór atá ann go bhfuil an Rúis ag beartú ionradh a dhéanamh ar an Úcráin. Tá tíortha an Iarthair ar aon fhocal go gcuirfear smachtbhannaí ar an Rúis ar scála nach bhfacthas riamh cheana, má dhéanann siad ionsaí ar an Úcráin. Tá an Taoiseach, Micheál Martin, ag moladh do dhaoine gan taisteal chun na hÚcráine, mura bhfuil géarghá leis.

**Eibhlín Ní Choistealbha**
Cleachtadh míleata ag leanúint ar aghaidh i dtuaisceart na Rúise agus teannas leis an Úcráin ag méadú lá i ndiaidh lae. Bhí cruinniú ar nasc físe ag ceannairí an Iarthair chun an ghéarchéim a phlé agus táid[2] ar aon fhocal go ngearrfar smachtbhannaí tromchúiseacha ar an Rúis má dhéanann siad ionradh ar an Úcráin. Tá sé séanta ag an Rúis go bhfuil aon phlean acu a leithéid a dhéanamh. Dúirt Uachtarán Mheiriceá go bhfuil aontacht iomlán i measc chumhachtaí an Iarthair maidir le conas stop a chur leis an Rúis.

Tá 8,500 saighdiúir curtha ar an airdeall ag na Stáit Aontaithe le bheith ullamh imeacht go hoirthear na hEorpa chun tacú le NATO.

**Thomas Byrne, Aire Stáit do Ghnóthaí Eorpacha**
Tá a lán iarrachtaí ar siúl, iarrachtaí taidhleoireachta, ar siúl faoi láthair, ag iarraidh go stopfaí é seo. Agus táimidne ar son na síochána agus tá súil agam nach rachaidh Putin ar an ionsaí isteach san Úcráin. Ach, má dhéanann sé é sin, beidh a lán deacrachtaí againn go léir san Eoraip.

**Déaglán de Bréadún, Colúnaí Polaitiúil leis an Irish News**
Tá sé deacair a rá, ach ní dóigh liom go bhfuil cogadh ar na bacáin. Tá na Meiriceánaigh ag tabhairt le fios go ngearrfar pionóis throma eacnamaíochta nó smachtbhannaí ar an Rúis má tharlaíonn a leithéid. Mar thuairisceoir, chuir mé féin aithne ar Sergey Lavrov, Aire Gnóthaí Eachtracha na Rúise agus is duine ciallmhar meáite é siúd, ach tá an cinneadh deireanach ag Putin féin.

**Eibhlín Ní Choistealbha**
Idir an dá linn, tá iarrtha ag an Ríocht Aontaithe ar a gcuid comhghuaillithe an fód a sheasamh agus foláireamh tugtha acu go bhféadfadh sé go marófaí scata daoine má dhéanann an Rúis ionradh.

Anseo ag an mbaile, tá sé i gceist ag iascairí amach ó chósta an iardheiscirt cur isteach go síochánta ar chleachtadh chabhlach na Rúise amach ó chósta an iardheiscirt an mhí seo chugainn. Dúirt Ambasáid na Rúise tráthnóna go mbeadh a leithéid mífhreagrach.

Thar n-ais san Úcráin, i gcoill ar imeall Chív, tá sibhialtaigh á dtraenáil chun a bheith ullamh chun tacú le hArm na hÚcráine, má théann an Rúis ar an ionsaí.

Eibhlín Ní Choistealbha, Nuacht TG4.

---

[1] *ECAT, Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh* an teideal oifigiúil
[2] leagan canúnach de ‘tá siad’